Clár na gCúrsaí Samhraidh 2024 – Forbhreathnú ar chlár na bliana 2024

Is í seo an dara bliain den timthriall ceadaithe trí bliana a tosaíodh sa bhliain 2023 le haghaidh na gcúrsaí samhraidh sin lena ngabhann teidlíocht i leith laethanta saoire pearsanta breise do mhúinteoirí bunscoile. Moltar do sholáthraithe an Lámhleabhar a léamh sula gcuirfeadh siad foirmeacha iarratais isteach lena mbreithniú i mbliana.

Formáidí cúrsa don bhliain 2024

Féadfaidh soláthraithe iarratas a dhéanamh ar chúrsaí a reáchtáil sna formáidí cúrsa seo a leanas:

Cúrsa Aghaidh ar Aghaidh

- Beidh cúrsa aghaidh ar aghaidh a mhairfidh 20 uair an chloig ar siúl ar feadh cúig lá i ndiaidh a chéile (gan laethanta ag an deireadh seachtaine a áireamh). Ceithre huaire an chloig ar a laghad in aghaidh an lae a bheidh in am teagmhála an chúrsa.
- Tá tuilleadh mionsonraí faoin bhformáid cúrsa sin ar fáil ar leathanach 15 den Lámhleabhar

Cúrsa Foghlama Cumaisc

- Beidh cúrsa foghlama cumaisc 20 uair an chloig comhdhéanta d'fhoghlaim ar an láithreán thar dhá lá (ocht n-uaire an chloig), agus éascófar an chuid eile den fhoghlaim (12 uair an chloig) trí fhoghlaim aisioncronach/shioncronach ar líne a mhairfidh ceithre huaire an chloig.
- Tá tuilleadh mionsonraí faoin bhformáid cúrsa sin ar fáil ar leathanaigh 15-16 den Lámhleabhar

Cúrsaí Foghlama ar Líne - Aisioncronach

- Féadfar cúrsaí a sholáthar ón 1 Iúil go dtí an 16 Lúnasa 2024. Tá tuilleadh mionsonraí faoin bhformáid cúrsa sin ar fáil ar leathanach 16 den Lámhleabhar

Cúrsaí Foghlama ar Líne – Sioncronach (Tionscadal Píolótach)

- Beidh na cúrsaí 20 uair an chloig ar fad agus eagrófar iad isteach ina gcúig mhodúl a sholáthrófar trí fhoghlaim shioncronach ar líne agus trí fhoghlaim as líne. Roghnaíonn soláthraithe an líon uaireanta an chloig le haghaidh soláthar sioncronach (fíor-ama).
- Féach leathanach 17 den Lámhleabhar le haghaidh tuilleadh faisnéise faoin bhformáid cúrsa sin

Dátaí atá le tabhairt faoi deara ag soláthraithe

- Beidh foirmeacha iarratais agus an Lámhleabhar do Sholáthraithe ar fáil ó Ionad Oideachais Dhroim Conrach ón 29 Eanáir 2024 i leith
- Ba cheart do sholáthraithe a chinntiú go gcuirfear an t-iarratas uathu ar chúrsa samhraidh isteach faoin 1 Márta 2024
- Féadfar clár na gcúrsaí samhraidh 2023 a thosú Dé Luain an 1 Iúil 2024, agus cuirfear gach cúrsa i gcrích faoi 5pm Dé hAoine an 16 Lúnasa 2024
- Ba cheart eolas a thabhairt d'Ionad Oideachais Dhroim Conrach faoi aon chealuithe cúrsa faoin 21 Meitheamh 2024

Catagóirí cúrsaí don bhliain 2024

Tugtar cuireadh do sholáthraithe cúrsaí don bhliain 2024 anois iarratais a chur isteach le haghaidh na gcatagóirí seo a leanas:

Tabhair faoi deara go bhfuil dhá chatagóir cúrsaí nua ann i mbliana (féach an téacs aibhsithe thíos):

1. Béarla/Gaeilge a Theagasc ar bhonn an Primary Language Curriculum/Churaclam Teanga na Bunscoile 2019. (2019)
2. Ábhair STEM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) a theagasc. Ba cheart cúrsaí in ábhair STEM a bheith ag teacht leis an leagan athraithe chun dáta de Churaclam Matamaitice na Bunscoile (2023)
3. Béarla mar Theanga Bhreise
4. Uasoiliúint teanga (lena n-áirítear Fraincis / Gearmáinis / Spáinnis) chun ullmhú do Nuatheangacha Iasachta (MFL) a thabhairt isteach mar chuid de Chreat Curaclaim na Bunscoile le haghaidh chéimeanna 3 agus 4 den bhunscoil (CNCM, 2023; Ciorclán 0017/2023)
5. An Seomra Ranga Cuimsitheach
6. Oideachas don Fhorbairt Inbhuanaithe
7. Teagasc agus foghlaim sna réimsí eile curaclaim (lena n-áirítear cruthaitheacht agus nuálaíocht sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnacht)
8. Ceannaireacht agus bainistíocht sa bhunscoil
9. Folláine lena ndírítear ar chur chun feidhme Cineáltas: Plean Gníomhaíochta ar an mBulaíocht – Cur chuige Oideachais Uile na hÉireann chun bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi i scoileanna ón Roinn Oideachais (2022)
10. Riachtanais Speisialta Oideachais

Lámhleabhair dearbhú cáilíochta

Ní mór do na soláthraithe cúrsaí ar líne uile atá ag déanamh iarratas ar chúrsaí nua a reáchtáil sa bhliain 2024, nó a bhfuil ceadú faighte acu le haghaidh cúrsaí samhraidh a reáchtáil sa bhliain 2023, lámhleabhar dearbhú cáilíochta nuashonraithe a chur isteach faoin 1 Márta 2024. Féach an Lámhleabhar do Sholáthraithe chun tuilleadh mionsonraí a fháil. Ní mór béim a leagan sa lámhleabhar ar na bearta atá á ndéanamh ag an soláthraí chun a chinntiú gur ábhar bunaidh de chuid an tsoláthraí é ábhar uile an chúrsa agus ní mór breac-chuntas a thabhairt ann ar conas nach bhfuil na cúrsaí ceaptha ag sárú cóipchirt. Ní mór don soláthraí gealltanas a thabhairt gur ábhar bunaidh de chuid an tsoláthraí iad a chúrsaí agus na hacmhainní a úsáidtear agus nach n-áirítear leo saothar aon daoine eile nó aon eagraíochtaí eile gan cead i scríbhinn a fháil ón bhfoinse bhunaidh. Ní mór dearbhuithe a thabhairt sa lámhleabhar freisin go dtabharfaidh an soláthraí rochtain riaracháin iomlán don Chigireacht ar gach gné den chúrsa.

Iarratas ar chúrsa samhraidh a reáchtáil a chur isteach

Ní mór cóip leictreonach den fhoirm iarratais ar líne, atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin Ionad Oideachais Dhroim Conrach, a bheith faighte ag Ionad Oideachais Dhroim Conrach faoi 4pm Dé hAoine an 1 Márta 2024

Ba cheart cóipeanna leictreonacha a sheoladh le ríomhphost chuig summercourses@ecdrumcondra.ie